# Aighneacht

## Bus Átha Cliath

## Iúil 2018

**Aighneacht maidir leis na bealaí nua atá molta ag Bus Átha Cliath**

Tá sé feicthe againn sa Tuairisc Comhairliúcháin go bhfuil bealaí nua molta ag Bus Átha Cliath. https://www.busconnects.ie/initiatives/dublin-area-bus-network-redesign-public-consultation-report/ .

Tá sé feicthe againn chomh maith go mbeidh 24 bealaí á rith ag Go Ahead a bhfuil mar chomhlacht príobháideach. https://www.transportforireland.ie/go-ahead-dublin-signs-contract-to-operate-24-pso-bus-services-in-dublin/ . Ba mhaith linn a chinntiú go mbeidh a seirbhís céanna dátheangach ar fáil ag seirbhís Go Ahead is atá ag Bus Átha Cliath faoi láthair.

### CÚLRA:

Is é Conradh na Gaeilge fóram daonlathach phobal na Gaeilge agus saothraíonn an eagraíocht ar son na teanga ar fud na hÉireann uile agus timpeall na cruinne.

Is í príomhaidhm na heagraíochta an Ghaeilge a athréimniú mar ghnáth-theanga na hÉireann.

Ó bunaíodh é ar 31 Iúil 1893 tá baill an Chonartha gníomhach ag cur chun cinn na Gaeilge i ngach gné de shaol na tíre, ó chúrsaí dlí agus oideachais go forbairt meán cumarsáide agus seirbhísí Gaeilge.

Tá Conradh na Gaeilge roghnaithe ag Foras na Gaeilge, an foras uile oileánda ag feidhmiú ar son an dá Rialtas thuaidh agus theas leis an nGaeilge a chur chun cinn, mar cheann de na sé cheanneagraíocht atá maoinithe acu leis an nGaeilge a fhorbairt ar oileán na hÉireann. Go príomha, tá Conradh na Gaeilge roghnaithe le tabhairt faoi chosaint teanga, ionadaíocht agus ardú feasachta ar an Ghaeilge.

Tá 180 craobh agus iomaí ball aonair ag Conradh na Gaeilge, agus bíonn baill uile an Chonartha ag saothrú go dian díograiseach chun úsáid na Gaeilge a chur chun cinn ina gceantair féin. Tá breis eolais faoi obair an Chonartha le fáil ag www.cnag.ie.

### INTREOIR

Cuireann Conradh na Gaeilge fáilte roimh an deis seo aighneacht a chur isteach maidir leis an athdhearadh den líonra molta de na bealaí busanna i mBaile Átha Cliath.

Tá ról tábhachtach ag Baile Átha Cliath ag chur seirbhísí iompar bus ar fáil do mhuintir Átha Cliath. Ina measc an pobal sin i mBaile Átha Cliath, tá cainteoirí laethúla Gaeilge (17,093 agus 1.3% den daonra i gContae Bhaile Átha Cliath de réir torthaí Daonaireamh 2016), an daonra is mó sa tír de



Ceann-Áras: Uimhir 6, Sráid Fhearchair, Baile Átha Cliath 2, Éire +353 (0)1 4757401 eolas@cnag.ie www.cnag.ie

chainteoirí Gaeilge laethúla, gan trácht ar na daoine óga a fhreastlaíonn ar oideachas trí mheán na Gaeilge chuile lá.

Ba mhaith linn moladh a thabhairt do Bhus Átha Cliath as ucht bhur gcuid seirbhísí a chur ar fáil go dátheangach go dtí seo. Ina measc na comharthaí dátheangacha ar na busanna, a aithníonn logainmneacha áitiúla Bhaile Átha Cliath, na ticéidí dátheangacha a thugtar do na paisineirí agus na fógraí béil dátheangacha a chloistear ar na callairí agus ag sroicheadh na stadanna bus.

Ba mhaith linn a chinntiú mar sin go bhfuil an seirbhís céanna atá ar fáil i mBéarla, ar fáil i nGaeilge chomh maith. Mar a luadh thuas tá go leor déanta agaibh chun seirbhís dátheangach a chur ar fáil dá paisinéirí, ach seo cúpla moltaí chun an cothromaíocht idir na dá teangacha oifigiúla a bhaint amach.

### Suíomh Idirlín

Níl aon rogha Gaeilge ar fáil ar shuíomh idirlíon Bus Átha Cliath. Tá gá a chinntiú go bhfuil rogha teanga ar fáil ar dtús don suíomh don úsaideoir agus go mbíonn le haghaidh gach leathanach Béarla, go mbíonn leathanach Gaeilge ann agus go mbíonn ar gach leathanach cnaipe le brú chun an leathanach sin a fháil i nGaeilge, más i mBéarla agus i mBéarla más i nGaeilge atá an leathanach. Tá gá a chinntiú go bhfuil gach preas ráiteas agus uasdátú nuachta foilsithe i nGaeilge agus i mBéarla. Aon póstáil atá á dhéanamh ar na meáin sóisialta, ba chóir póstáil a bheith curtha ar fáil sa teanga oifigiúil eile.

### Fógraíocht

Aon fógraí a dhéanann Bus Átha Cliath, is cuma más fógra teilifíse, raidió, nuachtáin agus na meáin sóisialta caithfear a chinntiú go bhfuil leagan Gaeilge agus Béarla ar fáil. Is fiú a bheith ag déanamh fógraí sna meáin Gaeilge freisin.

### AIP

Níl do Aip ar fáil go dátheangach, más féidir athdhearadh a dhéanamh ar an Aip ionas go mbeidh sé dátheangach. Níl aip an Leap Card ar fáil go dátheangach as an oiread, is gá é sin a lua le Transport for Ireland.

### Inniúlacht sa Ghaeilge

Is fiú Oifigeach Gaeilge a fhostú i mBaile Átha Cliath chun go mbeidh an duine sin in ann deileáil le fiosrúchain ón bpobal. Beadh an duine sin in ann aistriúchain a dhéanamh chun cinntiú go mbeidh polasaí dátheangach cothrom agaibh. Chomh maith le sin agus earcaíocht ar siúl, b'fhiú lua sna fógraí earcaíochta go mbeidh sé inmhianaithe go mbeidh Gaeilge acu. Freisin aon tiománaí atá Gaeilge acu go mbeidh comharthaí ar fáil do na paisinéirí chun chur in iúl go bhfuil Gaeilge ag an tiománaí agus go bhfuil fáilte roimh Gaeilge a úsáid leis nó lei. Beidh sé seo tábhachtach do bhealaí ina bhfuil Gaelscoileanna ann agus má tá an tiománaí bus ag labhairt i nGaeilge leis an dalta sa Ghaelscoil, feiceann an dalta go bhfuil an Ghaeilge á úsáid taobh amuigh den scoil, rud a chuireann le normalú na teanga i mBaile Átha Cliath. Is féidir leis an tiománaí bua a bheith réamh-ghníomhach maidir le seo. Mar shampla má fheiceann an tiománaí bus éadaí scoile á chaitheamh ag gasúr, nó má tá fáinne á chaitheamh ag paisinéir nó t-léine nó geansaí i nGaeilge, b'fhiú don tiománaí Gaeilge a labhairt leis an bpaisinéir ar dtús.

### GO AHEAD

Feicfimid go mbeidh 10% de na bealaí bus á rith ag comhlacht príobháideach Go Ahead amach anseo. Ba mhaith linn a chinntiú go mbeidh ar a laghad an caighdeán céanna seirbhísí dátheangacha atá ar



Ceann-Áras: Uimhir 6, Sráid Fhearchair, Baile Átha Cliath 2, Éire +353 (0)1 4757401 eolas@cnag.ie www.cnag.ie

fáil ag Bus Átha Cliath faoi láthair, ag Go Ahead. Na moltaí atá tugtha anseo is féidir iad a chur i bhfeidhm ar Go Ahead mar choinníoll conradh freisin.

## CONCLÚID

Ba mhaith linn ár mbuíochas a thabhairt daoibh as deis dúinn aighneacht a chur isteach ar bhur mbealaí bus nua. Tá Conradh na Gaeilge sásta an aighneacht seo agus na moltaí atá istigh ann a phlé libh ag am ar bith.

**Julian de Spáinn**
**Ard-Rúnaí - Conradh na Gaeilge**
+353 (0)86 8142757 | +353 (0)1 4757401 | julian@cnag.ie